Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10599 – Clearlake Capital Group / STG Partners / Dodge Construction Network)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 31/08)

1. An 14 Eanáir 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Clearlake Capital Group, L.P. ("Clearlake", Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Dodge Construction Network Holdings, L.P. ("Dodge", Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú STG Partners, LLC ("STG", Stáit Aontaithe Mheiriceá)

Faigheann Clearlake agus STG rialú comhpháirteach ar Dodge de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Clearlake: infheistíocht i gcothromas príobháideach, agus cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i mbogearraí agus seirbhísí atá cumasaithe don teicneolaíocht, fuinneamh agus tionscail, agus tomhaltóirí,

— i gcás STG: infheistíocht i gcothromas príobháideach, agus cuideachtaí punainne aige atá gníomhach i mbogearraí, sonraí agus anailísíocht,

— i gcás Dodge: soláthraí sonraí, anailísíochta, nuachta, agus faisnéis a fhreastalaíonn ar an tionscal tógála tráchtála i Meiriceá Thuaidh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10599 – Clearlake Capital Group / STG Partners / Dodge Construction Network

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË